Treoir maidir le héilimh ar rúndacht le linn nósanna imeachta an Choimisiúin in aghaidh trustaí[1]

(an nuashonrú is déanaí: 3 Feabhra 2025)

(1) Má ghlactar Ráiteas Agóidí mar thoradh ar imscrúdú, tugann an Coimisiún rochtain ar dhoiciméid i gcomhad an Choimisiúin a fuair, a tháirg agus/nó a chuir Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta le chéile le linn a imscrúdaithe. Deonaítear rochtain ar an gcomhad sin arna iarraidh sin agus deonaítear í do na gnóthais/comhlachais gnóthas sin a bhfuil Ráiteas Agóidí dírithe chucu, agus dóibh sin amháin[2]. Má chinn an Coimisiún nós imeachta socraíochta a shaothrú i gcás cairtéil, nochtfaidh an Coimisiún an fhaisnéis ina chomhad do na páirtithe a bhí páirteach sa phlé faoi shocraíocht[3]. Féadfaidh an Coimisiún faisnéis a nochtadh maidir lena chomhad chun críocha imeachtaí cúirte a bhaineann leis an imscrúdú sin.

(2) Ní chlúdaíonn an ceart rochtana ar an gcomhad codanna den chomhad ina bhfuil rúin ghnó nó faisnéis rúnda eile, ná doiciméid inmheánacha de chuid an Choimisiúin nó údaráis iomaíochta na mBallstát (mar sin féin, féach freisin mír (20) thíos)[4].

(3) Tugtar rochtain ar an gcomhad ar choinníoll nach bhféadfar an fhaisnéis a fhaightear leis sin a úsáid ach amháin chun críocha imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin chun Airteagal 101 nó 102 CFAE[5] a chur i bhfeidhm.

(4) Ní mór do ghnóthais, do chomhlachais gnóthas agus do dhaoine rúin ghnó agus faisnéis rúnda eile a shonrú in aighneachtaí agus/nó i ndoiciméid i gcomhad an Choimisiúin a eascraíonn astu[6]. Baineann an oibleagáid sin freisin le barúlacha a d'fhéadfadh seolaithe Ráitis Agóidí a chur isteach.

(5) In imthosca áirithe, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh rochtain a thabhairt ar dhoiciméid sa chomhad freisin ag céimeanna de na himeachtaí seachas an Ráiteas Agóidí. Go háirithe, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh rochtain a thabhairt ar phríomhaighneachtaí in imeachtaí in aghaidh trustaí seachas imeachtaí cairtéil, nó ar chodanna de fhreagraí i scríbhinn ar an Ráiteas Agóidí. Sa chás sin, chuirfeadh an

---

1 Baineann an treoir seo le héilimh ar rúndacht i leith páirtithe sna himeachtaí. Tabhair faoi deara go bhfuil treoir ar leith ann maidir le rúndacht i bhfianaise leaganacha poiblí de chinntí ón gCoimisiún agus d'fhoilseacháin ghaolmhara a ullmhú. Le héifeacht ón 1 Nollaig 2009, rinneadh Airteagail 101 agus 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') d'Airteagail 81 agus 82 de Chonradh CE, faoi seach. Tá an dá shraith forálacha comhionann le chéile, go bunúsach. I rialacháin agus fógraí a glacadh roimh an 1 Nollaig 2009, ba cheart tagairtí d'Airteagail 81 agus 82 de Chonradh CE a thuiscint mar thagairtí d'Airteagail 101 agus 102 CFAE.

2 Airteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 773/2004 ón gCoimisiún, IO L 123, 27.4.2004, lch. 18.

3 Airteagal 10a(2) de Rialachán 773/2004 ón gCoimisiún, arna mhodhnú le Rialachán (AE) 2015/1348 ón gCoimisiún; míreanna 15 agus 16 den Fhógra ón gCoimisiún maidir le nósanna imeachta socraíochta i gcásanna cairtéil (IO C 167, 2.7.2008, lch. 1).

4 Airteagail 27 agus 28 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle (IO L 1, 4.1.2003, lch. 1); Airteagail 15(2) agus 16 de Rialachán Uimh. 773/2004 ón gCoimisiún; pointe 10 den Fhógra ón gCoimisiún maidir leis na rialacha rochtana ar chomhad an Choimisiúin i gcásanna de bhun Airteagail 81 agus 82 de Chonradh CE, Airteagail 53, 54 agus 57 de Chomhaontú LEE agus Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle (IO C 325, 22.12.2005, lch. 7) ('Fógra maidir le rochtain ar chomhad'). Féach freisin Cásanna Uamtha C-204/00 P, C-205/00 P, C-211/00 P, C-213/00 P, C-217/00 P agus C-219/00 P *Aalborg Portland agus Daoine Eile/An Coimisiún*, AE:C:2004:6, mír 68.

5 Féach Airteagal 16a de Rialachán Uimh. 773/2004 ón gCoimisiún, arna mhodhnú le Rialachán (AE) 2015/1348 ón gCoimisiún; Pointe 48 den Fhógra maidir le rochtain ar chomhad.

6 Airteagal 16 de Rialachán Uimh. 773/2004 ón gCoimisiún.

Coimisiún san áireamh fíor-imní maidir le rúndacht, lena n-áirítear imní faoi fhrithbheart, sula dtabharfadh sé aon rochtain[7].

(6) Tugtar treoir sa doiciméad seo maidir le rúin ghnó agus faisnéis rúnda eile a shainaithint agus leagtar amach ann an bealach nach mór leaganacha neamhrúnda na ndoiciméad sin a chur isteach.

(7) Mura gcloíonn tú leis an treoir seo, féadfaidh an Coimisiún glacadh leis nach bhfuil aon rún gnó ná aon fhaisnéis rúnda eile[8] i d'aighneachtaí/do dhoiciméid agus, dá bhrí sin, nach bhfuil aon agóid agat i gcoinne nochtadh na faisnéise sin.

(8) Chun treoir a fháil maidir le conas doiciméid a chur isteach go leictreonach, féach na '*Moltaí maidir le doiciméid leictreonacha a chur isteach in imeachtaí in aghaidh trustaí agus imeachtaí cairtéil*', moltaí atá ar fáil anseo.

(9) Ní féidir in imthosca ar bith an treoirdhoiciméad sin a fhorléiriú mar dhoiciméad atá ag teacht salach ar na forálacha sin i ndlí an Aontais maidir le rúndacht ghairmiúil agus éilimh ar rúndacht[9].

(10) Ar deireadh, mínítear sa treoirdhoiciméad seo freisin i roinn IV conas a láimhseáiltear éilimh ar fholú sonraí pearsanta bunaithe ar fhorais cosanta sonraí.

I. Cad is rúin ghnó agus faisnéis rúnda eile ann?

(11) Foráiltear le reachtaíocht Aontais maidir le himeachtaí de bhun Airteagail 101 agus 102 CFAE nach ndéanfaidh an Coimisiún faisnéis a chur in iúl ná a chur ar fáil sa mhéid go bhfuil **rúin ghnó** nó **faisnéis rúnda eile** a ghabhann le duine inti[10].

(12) Is éard atá i gceist le **rúin ghnó** faisnéis rúnda maidir le gníomhaíocht ghnó gnóthais […] a d'fhéadfadh díobháil thromchúiseach a dhéanamh do leasanna an ghnóthais má tharchuirtear í chuig duine seachas an duine a chuir an fhaisnéis ar fáil[11]. I measc na samplaí d'fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith incháilithe mar rúin ghnó tá na nithe seo a leanas: faisnéis theicniúil agus/nó airgeadais a bhaineann le fios gnó gnóthais, modhanna chun measúnú a dhéanamh ar chostais, rúin agus próisis táirgthe, foinsí soláthair, cainníochtaí a tháirgtear agus a dhíoltar, scaireanna margaidh, liostaí custaiméirí agus dáileoirí, pleananna margaíochta, struchtúr costais agus praghsanna agus straitéis díolacháin[12].

(13) Is éard atá i gceist le **faisnéis rúnda eile** faisnéis nach rúin ghnó í, a mhéid a dhéanfadh nochtadh na faisnéise sin díobháil thromchúiseach do dhuine nó do ghnóthas. Ag brath ar imthosca sonracha gach cáis, féadfaidh feidhm a bheith aige sin maidir le faisnéis arna soláthar ag tríú páirtithe faoi ghnóthais atá in ann brú suntasach eacnamaíoch nó tráchtála a chur ar a n-iomaitheoirí nó ar a gcomhpháirtithe trádála, a gcustaiméirí nó a soláthraithe. D'admhaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) go bhfuil sé

---

7 Maidir leis sin, féach míreanna 71-74 agus 103 den Fhógra ón gCoimisiún maidir le dea-chleachtais i dtaca le stiúradh na n-imeachtaí a bhaineann le hAirteagail 101 agus 102 CFAE, (IO C 308, 20.10.2011, lch. 6) ('Dea-Chleachtais').

8 Airteagal 16(4) de Rialachán Uimh. 773/2004 ón gCoimisiún.

9 Airteagal 339 CFAE, Rialachán Uimh. 1/2003 ón gComhairle, Rialachán Uimh. 773/2004 ón gCoimisiún agus an Fógra maidir le rochtain ar chomhad.

10 Airteagal 16(1) de Rialachán Uimh. 773/2004 ón gCoimisiún.

11 Cás T-353/94 *Postbank NV/An Coimisiún*, EU:T:1996:119, mír 87.

12 Pointe 18 den Fhógra maidir le rochtain ar chomhad.

dlisteanach diúltú do litreacha áirithe a fuarthas ó chustaiméirí gnóthas a nochtadh do na gnóthais sin, ós rud é go mbeadh baol ann, dá nochtfaí iad, go ndéanfaí bearta díoltais i gcoinne na n-údar[13]. Dá bhrí sin, féadfar a chur san áireamh sa choincheap d'fhaisnéis rúnda eile faisnéis a chuirfeadh ar chumas na bpáirtithe gearánaigh nó tríú páirtithe eile a shainaithint i gcás inar mian leo siúd a bheith anaithnid[14]. Cuirtear rúin mhíleata san áireamh freisin i gcatagóir na faisnéise rúnda eile[15].

(14) Chun **go measfar gur faisnéis rúnda í faisnéis, ní mór <u>gach ceann</u> de na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh**: i) nach bhfuil an fhaisnéis sin ar eolas ach ag líon teoranta daoine; ii) go ndéanfadh nochtadh na faisnéise sin díobháil thromchúiseach don duine a sholáthair í nó do thríú páirtithe; agus iii) na leasanna a d'fhéadfadh an nochtadh dochar a dhéanamh dóibh, ní mór gur leasanna iad ar fiú iad a chosaint[16]. Cuirtear na prionsabail sin i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar éilimh ar rúndacht i gcomhthéacs Ráiteas Agóidí, rochtain ar an gcomhad, foilsiú cinntí críochnaitheacha atá dírithe ar na páirtithe, agus imeachtaí cúirte.

II. Measúnú ar éilimh ar rúndacht maidir le folú

(15) An measúnú i dtaobh an bhfuil rúin ghnó nó faisnéis rúnda eile san fhaisnéis a thugtar, ní mór é sin a dhéanamh de réir an cháis. Faisnéis i d'aighneachtaí/do dhoiciméid nach gcáilíonn mar 'rúin ghnó agus faisnéis rúnda eile' (féach roinn I.), ní mheasfar gur faisnéis rúnda í.

(16) Go háirithe, faisnéis a bhaineann le gnóthas atá ar eolas cheana lasmuigh den ghnóthas (i gcás grúpa, lasmuigh den ghrúpa), nó lasmuigh den chomhlachas ar chuir an gnóthas sin in iúl dó, ní mheasfar, de ghnáth, gur faisnéis rúnda í. Chun go gcaillfidh faisnéis a nádúr rúnda, is leor í a bheith ar fáil do shainchiorcail nó gur féidir í a thuiscint ó fhaisnéis atá ar fáil go poiblí[17].

(17) Maidir le faisnéis a chaill a tábhacht tráchtála, mar shampla mar gheall ar imeacht ama, ní féidir a mheas a thuilleadh gur faisnéis rúnda í. Go ginearálta, is leor tréimhse 5 bliana ann féin chun go gcaillfidh faisnéis a cáilíocht mar rúin ghnó nó mar fhaisnéis rúnda eile[18]. Ní fhéadfar déileáil go rúnda le sonraí den sórt sin ach amháin ar bhonn eisceachtúil, más féidir a thaispeáint gur gnéithe bunriachtanacha de sheasamh tráchtála an ghnóthais lena mbaineann iad go fóill, d'ainneoin chineál stairiúil na sonraí sin[19].

(18) Mar shampla, <u>ní</u> mheastar, de ghnáth, gur rún gnó nó faisnéis rúnda eile an cineál faisnéise seo a leanas, ach amháin má tá údar cuí leis ar bhonn aonair (agus an gá atá ann í a scriosadh ón gcuid inrochtana den chomhad á léiriú[20]):

---

13 D'fhógair CBAE an cheist sin i gcásanna mí-úsáide líomhnaithe ceannasachta (Airteagal 102 CFAE) (Cás T-65/89, *BPB Industries agus British Gypsum/An Coimisiún*, EU:T:1993:31,; agus Cás C-310/93P, *BPB Industries agus British Gypsum/An Coimisiún*, EU:C:1995:101, agus i gcásanna cumaisc (Cás T-221/95 *Endemol v An Coimisiún*, EU:T:1999:85, mír 69, agus Cás T-5/02 *Laval/An Coimisiún*, EU:T:2002:264, mír 98 et seq).

14 Forbraítear folú sonraí pearsanta bunaithe ar fhorais cosanta sonraí faoi roinn IV den treoir reatha.

15 Pointí 19-20 den Fhógra maidir le rochtain ar chomhad.

16 Féach, chuige sin, Cás T-198/03 *Bank Austria Creditanstalt AG/An Coimisiún*, EU:T:2006:136, mír 71.

17 Ordú i gCás T-89/96 *British Steel/An Coimisiún*, EU:T:1997:77, míreanna 26 agus 27.

18 Féach Cás T-341/12 *Evonik Degussa GmbH v an Coimisiún*, EU:T:2015:51, míreanna 84-85 agus Cás C-162/15 P *Evonik Degussa GmbH v* an Coimisiún, EU:C:2017:205, míreanna 64-67.

19 Féach, mar shampla, Ordú i gCás T-271/03 *Deutsche Telekom/An Coimisiún*, EU:T:2006:163, mír 45.

20 Féach, mar shampla, pointe 19 den Fhógra maidir le rochtain ar chomhad.

- sonraí nó faisnéis ó ghnóthas eile nó faoi ghnóthas eile (amhail fógraí praghais, sonraí díolacháin, etc.). Ar bhonn eisceachtúil, áfach, féadfar a mheas gur sonraí rúnda iad sonraí a fhaightear de bhun conartha le gnóthas eile, atá faoi réir oibleagáidí sonracha neamhnochta. Os a choinne sin, ní leor tagairtí ginearálta do chomhaontú neamhnochta chun údar cuí a thabhairt maidir le rúndacht na sonraí sin;
- faisnéis a cuireadh in iúl lasmuigh de do ghnóthas (amhail spriocanna praghais, méaduithe ar phraghsanna, dátaí cur chun feidhme na méaduithe sin agus ainmneacha custaiméirí, go háirithe nuair is gnóthais iad sin);
- fíorais a bhaineann le hiarratas ar dhíolúine nó ar laghdú fíneálacha, i gcás inarb é is aidhm do na fíorais sin fianaise a thabhairt ar shárú líomhnaithe, ach amháin i gcás ina bhféadfadh nochtadh na bhfíoras sin dochar a dhéanamh do bheartas trócaire an Choimisiúin.

(19) **Ráitis chorparáideacha ó bhéal** a soláthraíodh in iarratas ar dhíolúine ó fhíneálacha nó in iarratas ar laghdú fíneálacha faoin bhFógra Trócaire[21] , **ba cheart a thabhairt faoi deara nach féidir, de réir sainmhínithe, aon rún gnó ná aon fhaisnéis rúnda eile a bheith iontu**, ós rud é gur cur i láthair iad ar eolas an ghnóthais ar chairtéal agus ar an ról atá aige ann[22].

(20) Féadfar faisnéis a mheastar a bheith rúnda a nochtadh mar sin féin, **más rud é go bhfuil gá leis an nochtadh sin chun sárú líomhnaithe a chruthú ('faisnéis inchoiritheach') nó go bhféadfadh gá a bheith léi chun páirtí a shaoradh ('faisnéis shaorthach')**[23]**.**

(21) Féadfaidh Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta glacadh go sealadach le héilimh ar rúndacht, nuair is cosúil go bhfuil údar leo. Féadfaidh Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta a chur in iúl duit freisin nach n-aontaíonn sí le raon feidhme d'éileamh ar rúndacht. Féadfar glacadh sealadach éilimh ar rúndacht a fhreaschur, ina iomláine nó i bpáirt, ag céim níos déanaí sna himeachtaí.

(22) Mura dtagtar ar chomhaontú maidir le héileamh ar rúndacht, féadfaidh tú iarraidh réasúnaithe a chur faoi bhráid an Oifigigh Éisteachta chun cinneadh críochnaitheach a dhéanamh maidir le saincheist na rúndachta laistigh den sprioc-am atá leagtha síos ag Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta sa litir lena ndiúltaítear d'éileamh rúndachta[24].

III. Conas rúndacht a éileamh

(23) Ar chúiseanna éifeachtúlachta riaracháin, molann an Coimisiún an t-ardán slán eConfidentiality a úsáid chun rúndacht a éileamh, chun caibidlíocht a dhéanamh agus chun leaganacha neamhrúnda de dhoiciméid a thabhairt chun críche ar bhealach láraithe. Tá tuilleadh eolais faoi na buntáistí a bhaineann le eConfidentiality agus conas clárú don uirlis agus í a úsáid (treoracha teagaisc san áireamh) le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta (féach anseo).

---

21 Fógra ón gCoimisiún maidir le díolúine ó fhíneálacha agus laghdú fíneálacha i gcásanna cairtéil (IO C 298, 8.12.2006, lch. 17) ('an Fógra Trócaire').

22 Féach mír 31 den Fhógra Trócaire. Éilíonn an Coimisiún ar iarratasóirí ar thrócaire dearbhú a dhéanamh chuige sin tráth a n-iarratais ar thrócaire.

23 Pointí 24-25 agus 42 den Fhógra maidir le rochtain ar chomhad.

24 Féach Chinneadh 2011/695/AE ó Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh an 13 Deireadh Fómhair 2011 maidir le feidhm agus téarmaí tagartha an oifigigh éisteachta in imeachtaí iomaíochta áirithe (IO L 275, 20.10.2011, lch. 29).

(24) Má roghnaíonn tú eConfidentiality a úsáid, ní gá duit leagan neamhrúnda a sholáthar in éineacht le d'aighneacht rúnda chuig an gCoimisiún, do fhreagra ar iarraidh ar fhaisnéis san áireamh. Rachaidh an fhoireann cáis i dteagmháil leat ar leithligh.

(25) Mura roghnaíonn tú eConfidentiality a úsáid, cuir dréachtleagan neamhrúnda de na haighneachtaí/na doiciméid ar fáil ar dtús, ina n-aibhsítear an fhaisnéis a éilítear a bheith rúnda ach an fhaisnéis sin a bheith inléite go fóill[25]. Tar éis don Choimisiún glacadh go sealadach le d'éilimh ar rúndacht, iarrfar ort leagan críochnaitheach neamhrúnda a chur isteach ina bhfuil dath dubh ar an bhfaisnéis rúnda.

(26) Seolfaidh an Coimisiún na leaganacha neamhrúnda agus na héilimh ar rúndacht ar ais, mura gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach thíos, agus iarrfaidh sé go gceartófar iad.

- *Cuir leagan iomlán neamhrúnda isteach de gach doiciméad a bhfuil éileamh ar rúndacht agat ina leith*

(27) Ní mór duit leagan neamhrúnda a chur isteach maidir le gach aighneacht/doiciméad a bhfuil rúndacht á héileamh agat ina leith[26]. Ní mheastar gur iarraidh ar láimhseáil rúnda iad stampaí caighdeánacha rúndachta i gcinn litreach ó ghnólachtaí dlí, nó séanadh uathoibríoch cineálach i ríomhphoist.

(28) Ní mór an leagan neamhrúnda de d'aighneachtaí/do dhoiciméid **a bheith mar an gcéanna leis an leagan rúnda ó thaobh líon na leathanach, an leagain amach agus na cáilíochta de[27]**. Má éilíonn tú rúndacht i leith aon choda de dhoiciméad, iarrtar ort leagan **neamhrúnda den doiciméad UILE a sholáthar.** Is í **an fhormáid PDF** an rogha thosaíochta i gcónaí le haghaidh leaganacha neamhrúnda (nó formáid Excel, nuair is iomchuí), ar choinníoll nach mbeidh tionchar ag an tiontú PDF ar shláine an doiciméid ná ar an bhfaisnéis atá ann.

(29) Mura bhfuil rúndacht á héilimh agat do dhoiciméad, ba cheart é sin a lua sa tábla a luaitear i mír (33) thíos. Ní mór duit a dheimhniú go sainráite sa tábla nach n-ardaíonn tú aon éileamh ar rúndacht ar dhoiciméad ar leith[28].

(30) Ní mór an bhaisc iomlán doiciméad a sheoladh ar ais chuig an gCoimisiún, na doiciméid sin nach n-éilíonn tú rúndacht ina leith san áireamh. Ainmnigh an dréachtleagan neamhrúnda ar an mbealach seo a leanas: '*ID [uimhir aitheantais an Choimisiúin]-NCV*', ar choinníoll go bhfuil uimhreacha aitheantais an Choimisiúin ar eolas agat. Bain úsáid freisin as uimhreacha aitheantais an Choimisiúin sa tábla a luaitear i mír (33) thíos[29].

- *Folaithe a theorannú do phíosaí faisnéise ar leith*

---

25 Níl dréachtleaganacha neamhrúnda ina bhfuil faisnéis rúnda scriosta amach inghlactha, is é sin an fáth a n-iarrtar leaganacha aibhsithe. Níl dréachtleaganacha agus/nó leaganacha críochnaitheacha neamhrúnda ina ndearnadh faisnéis rúnda a scriosadh nó dath bán a chur uirthi inghlactha ach oiread.

26 Airteagal 16(2) de Rialachán Uimh. 773/2004 ón gCoimisiún.

27 Mura n-úsáideann tú eConfidentiality.

28 Foráiltear le eConfidentiality freisin gur féidir doiciméad a mharcáil go sainráite mar neamhrúnda.

29 Níl feidhm aige sin nuair a úsáidtear eConfidentiality ós rud é go n-úsáideann an uirlis uimhreacha aitheantais an Choimisiúin go huathoibríoch. Mar sin féin, ní mór duit éilimh a chur ar fáil agus a chur isteach i leith gach doiciméid nó doiciméid a mharcáil mar dhoiciméid 'neamhrúnda' i gcás inarb infheidhme.

(31) Go ginearálta, ní féidir leat rúndacht a éileamh i leith doiciméad iomlán ná i leith codanna iomlána de. Is féidir, de ghnáth, faisnéis rúnda a chosaint le folaithe teoranta. Ní ghlacfar le leathanaigh fholmha nó leathanaigh a bhfuil dath dubh orthu. Ar a laghad, déan ceannteidil na ndoiciméad agus/nó ceannteidil na gcolún atá i dtáblaí agus i bpictiúir chomh maith le haon liosta de na hiarscríbhinní a fhágáil slán.

- *Tabhair na cúiseanna atá le d'éilimh ar rúndacht agus le hachoimrí neamhrúnda*

(32) Ní mór duit na sonraí ábhartha uile a chur ar fáil don Choimisiún le go mbeidh sé in ann rúndacht píosa faisnéise a mheas. Dá bhrí sin, iarrtar ort:

a. **tacú le gach éileamh** ar rúndacht i scríbhinn, ina mínítear an méid seo a leanas:

- na cúiseanna gur rún gnó nó faisnéis rúnda eile atá san fhaisnéis atá i gceist

- go háirithe, conas a dhéanfadh nochtadh na faisnéise seo díobháil thromchúiseach do do ghnóthas nó go ndéanfadh sé dochar suntasach do dhuine nó do ghnóthas.

b. **achoimre ghonta fhiúntach neamhrúnda a sholáthar** ar gach píosa faisnéise a mhaítear a bheith rúnda.

Ní ghlacfar le húdair chineálacha amhail 'rún gnó' nó 'faisnéis nach eol do pháirtí eile' gan údar nithiúil a bheith leo. Nuair a dhéantar figiúirí ar nós scaireanna margaidh nó figiúirí láimhdeachais a fholú, iarrtar ort raonta a shonrú. Maidir le sonraí faoi dhíolacháin agus/nó faoi láimhdeachas, soláthair raonta nach mó ná 20 % de na méideanna iomlána. Ba cheart figiúirí coibhneasta amhail scaireanna margaidh (in %) a shonrú i raonta nach leithne ná 5 %.

(33) Na húdair agus na hachoimrí neamhrúnda le haghaidh gach píosa faisnéise a mhaítear a bheith rúnda, ba cheart iad a chur i láthair i bhfoirm liosta. Féach an fhormáid thíos:

Liosta d'éilimh ar rúndacht[30] [inrochtana do sheolaithe an ráitis agóidí!]

Uimhir aitheantais (má tá sí ar fáil)	Téacs a fholú ar leathanach # den bhunleagan rúnda/mír # (sonraigh Iarscríbhinn # i gcás inarb ábhartha)	Cúiseanna leis an bhfolú	Achoimre neamhrúnda

(34) Ní mór leaganacha neamhrúnda na n-aighneachtaí/na ndoiciméad agus na hachoimrí ar an bhfaisnéis fholaithe a dhréachtú sa chaoi is go gcuirfear ar a chumas do pháirtí atá i dteideal rochtain a fháil ar na leaganacha neamhrúnda a chinneadh an dócha go mbeidh an fhaisnéis fholaithe ábhartha dá chosaint. **Dá bhrí sin, tá sé an-tábhachtach tuairiscí cruinne a chur ar fáil, ar ar a mbonn a fhéadfaidh páirtithe eile measúnú a**

[30] Chun tuilleadh mionsonraí a fháil, féach thíos 'Samplaí d'éilimh ar rúndacht: conas cúiseanna agus achoimrí neamhrúnda a sholáthar'.

dhéanamh ar an bhfaisnéis agus iarraidh dhea-spreagtha a dhéanamh ar an gCoimisiún chun rochtain a dheonú ar fhaisnéis a mhaíonn tú a bheith rúnda, má mheasann siad gur gá sin.

(35) **Cinntigh nach bhfuil aon fhaisnéis rúnda sa tábla ina bhfuil na hachoimrí agus na húdair maidir le d'éilimh ar rúndacht, nó tabhair leagan neamhrúnda, toisc go gcuirfear an tábla seo ar fáil do na páirtithe atá i dteideal rochtain a fháil ar an gcomhad.** Déan deimhin de freisin nach bhfuil aon fhaisnéis rúnda in airíonna do chuid doiciméad leictreonach. Na hachoimrí agus an t-údar atá le d'éilimh ar rúndacht agus airíonna na leaganacha neamhrúnda a chuir tú isteach, glacfaidh an Coimisiún leis go bhfuil siad neamhrúnda.

- *Chinntigh go bhfuil na leaganacha neamhrúnda iontaofa go teicniúil*

(36) Maidir le rochtain ar chomhad an Choimisiúin, cuirfear na leaganacha neamhrúnda de d'aighneachtaí/do dhoiciméid ar fáil do na páirtithe sna himeachtaí san fhormáid chéanna inar chuir tú isteach iad. Is fút féin atá sé a chinntiú go bhfuil na leaganacha neamhrúnda a sholáthraíonn tú iontaofa go teicniúil agus nach féidir an fhaisnéis fholaithe a aisghabháil ar bhealach ar bith, uirlisí fóiréinseacha san áireamh. Ní ghlacann an Coimisiún aon fhreagracht as foluithe nach gcuirtear dath dubh leordhóthanach orthu nó as foluithe éagobhsaí sna leaganacha deiridh neamhrúnda. Agus eConfidentiality á úsáid, gineann an uirlis leaganacha neamhrúnda[31], ina mbaintear an fhaisnéis rúnda amach, agus liosta d'éilimh ar rúndacht. Tá sé de fhreagracht ar an bpáirtí na leaganacha deiridh neamhrúnda sin agus liosta na n-éileamh ar rúndacht a sheiceáil agus a dheimhniú laistigh de sprioc-am socraithe.

IV. Measúnú ar éilimh maidir le sonraí pearsanta a fholú bunaithe ar fhorais cosanta sonraí

(37) Uaireanta iarrann páirtithe ar an gCoimisiún sonraí pearsanta áirithe a fholú ó dhoiciméid a cuireadh ar a chomhad, agus forais cosanta sonraí á n-agairt acu.

(38) In Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (RGCS)[32] agus in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (EUDPR)[33], sainmhínítear sonraí pearsanta mar 'aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta' agus bunaítear rialacha níos déine maidir le próiseáil catagóirí speisialta sonraí pearsanta, ar catagóirí iad atá an-íogair (catagóirí speisialta sonraí)[34].

---

31 Gineann an uirlis leaganacha neamhrúnda do dhoiciméid PDF amháin. I gcás doiciméid nach doiciméid PDF iad, beidh ar do ghnóthas na leaganacha neamhrúnda a comhaontaíodh leis an gCoimisiún a uaslódáil chuig eConfidentiality.

32 Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

33 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

34 Féach Airteagal 9(1) RGCS agus Airteagal 10(1) EUDPR.

(39) Feidhmíonn an Coimisiún mar rialaitheoir[35] maidir le próiseáil[36] sonraí pearsanta i gcomhthéacs imscrúduithe in aghaidh trustaí. Féadfaidh an Coimisiún, mar rialaitheoir, sonraí pearsanta a phróiseáil go dleathach i gcomhthéacs a chuid imscrúduithe de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle[37]. Go sonrach, tá próiseáil den sórt sin dleathach faoi Airteagal 5(1)(a) EUDPR (tá gá leis chun cúram a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail nó chun údarás oifigiúil a fheidhmiú). Is éard atá i gceist le nósanna imeachta a sheoladh chun Airteagail 101 agus 102 CFAE a fhorfheidhmiú, comhlíonadh chearta na cosanta san áireamh, údarás oifigiúil a fheidhmiú agus, ar aon chuma, cúram a chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail, lenar féidir na sonraí pearsanta atá sna doiciméid sa chomhad a bhailiú, agus rochtain a dheonú orthu i gcomhthéacs rochtain ar chomhad[38]. Tá coimircí sonracha i nósanna imeachta maidir le hAirteagail 101 agus 102 CFAE a fhorfheidhmiú, rud ba cheart a chinntiú nach ndéantar dochar do leasanna dlisteanacha daoine aonair nuair a chuirtear a sonraí pearsanta ar fáil i gcomhthéacs rochtain ar chomhad[39]. D'eisigh MECS tuairim mhaoirseachta maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs imscrúduithe dhlí na hiomaíochta,[40] agus maidir leis na rialacha is infheidhme maidir le tarchur sonraí pearsanta ag an gCoimisiún chuig faighteoirí i gcomhthéacs rochtain ar an gcomhad[41].

(40) Mar phrionsabal, ní bhailíonn an Coimisiún le linn a imscrúdaithe ach doiciméid a bhaineann le hábhar an imscrúdaithe[42]. Bunaithe ar an gcásdlí ábhartha[43], ní fhéadfaidh an Coimisiún a chinneadh as a stuaim féin cé na doiciméid atá ábhartha do chosaint na bpáirtithe. Ciallaíonn sé sin nach mór na doiciméid uile i gcáschomhad an Choimisiúin, sonraí pearsanta atá ann san áireamh,[44] a chur ar fáil do na páirtithe atá i dteideal rochtain a fháil ar an gcomhad. Mar sin féin, ceadaítear don Choimisiún fianaise a eisiamh ón nós imeachta riaracháin nach bhfuil aon bhaint aici leis na líomhaintí fíorais agus dlí sa

---

35 Féach an sainmhíniú ar 'rialaitheoir' in Airteagal 3(8) EUDPR.

36 SFéach an sainmhíniú ar 'próiseáil' in Airteagal 4(2) RGCS agus in Airteagal 3(3) EUDPR.

37 Féach an Litir ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) an 22 Deireadh Fómhair 2018 chuig AS COMP, AS TRADE agus OLAF, BEI agus CEI (le fáil ag: https://edps.europa.eu/sites/edp/files/publication/18-10-30_letter_investigative_activities_eui_gdpr_en.pdf), Breithiúnas an 24 Bealtaine 2023 in *Meta Platforms Ireland*, T-451/20, EU:T:2023:276, míreanna 185-194 agus Ordú an 9 Meán Fómhair 2023 in *Red Bull*, T-306/23 R, EU:T:2023:590, mír 31.

38 Go háirithe, tá dlúthnasc idir bailiú faisnéise agus rochtain ar an gcomhad. Ciallaíonn sé sin freisin gur céim eile den nós imeachta céanna é rochtain a dheonú ar chomhad an Choimisiúin, rud atá ina ghné fhíor-riachtanach de chearta cosanta na bpáirtithe.

39 Mar shampla: (i) tarlaíonn rochtain ar chomhad idir an Coimisiún agus seolaithe an ráitis agóidí (féach mír (1)), (ii) cuimsíonn an comhad dá dtugtar rochtain toradh imscrúdú an Choimisiúin (féach mír (40)), (iii) ní féidir an fhaisnéis a fhaightear sna himeachtaí sin a úsáid chun críocha seachas imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin chun Airteagail 101 agus 102 CFAE a chur i bhfeidhm (féach mír (3) thuas), (iv) níl daoine aonair iontu féin faoi imscrúdú ag an gCoimisiún le haghaidh sáruithe iomaíochta, (v) tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún céannacht daoine aonair a mhaíonn anaithnideacht a chosaint toisc go bhfuil eagla orthu roimh bhearta díoltais (féach mír (13) thuas).

40 https://www.edps.europa.eu/data-protection/our-work/publications/opinions/2022-05-05-opinion-processing-personal-data-context-competition-law-investigations_en

41 *Ibid.*, roinn 3.3.

42 Is amhlaidh atá gan beann ar an gcaoi a ndearnadh cuid de chomhad an Choimisiúin de na doiciméid agus den fhaisnéis (sonraí pearsanta san áireamh), is é sin an soláthraíodh iad faoi oibleagáid dhlíthiúil nó ar bhonn deonach chun cur ar a chumas don Choimisiún a chúraimí a chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail, mar a deimhníodh i Litir MECS an 22 Deireadh Fómhair 2018 (féach fonóta 37).
Féach freisin ráiteas príobháideachais AS COMP a bhaineann le himeachtaí in aghaidh trustaí: https://competition-policy.ec.europa.eu/system/files/2021-05/privacy_statement_antitrust_en.pdf

43 Breithiúnais an 29 Meitheamh 1995 in *Solvay/An Coimisiún*, T-30/91, EU:T:1995:115, míreanna 81-86; an 29 Meitheamh 1995 in *ICI/An Coimisiún*, T-36/91, ECLI:EU:T:1995:118, míreanna 91-96; agus an 7 Eanáir 2004 in *Aalborg Portland/An Coimisiún*, C-204/00 P, ECLI:EU:C:2004:6, míreanna 68 agus 126.

44 Cé is moite de na doiciméid nó den fhaisnéis dá dtagraítear i mír (2) agus sonraí pearsanta ar léir nach mbaineann siad le hábhar mar a mhínítear níos faide síos sa mhír seo.

ráiteas agóidí agus nach bhfuil aon bhaint aici leis an imscrúdú dá bhrí sin[45]. I gcomhréir leis an gcásdlí sin chomh maith le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí[46], déanfaidh an Coimisiún sonraí pearsanta, ar léir nach mbaineann siad leis an imscrúdú[47], a eisiamh óna chomhad, nó a iad a fholú ar mhaithe le rochtain a thabhairt orthu, ar a chonlán féin i gcás ina bhfuil faisnéis leordhóthanach aige chun déanamh amhlaidh, nó mar fhreagairt ar éileamh indibhidiúlaithe a bhfuil bunús cinntitheach leis. Mar thoradh air sin, níor cheart sonraí pearsanta den sórt sin a tharchur chuig seolaithe an Ráitis Agóidí i gcomhthéacs rochtain ar an gcomhad.

(41) Le linn imscrúduithe iomaíochta, roinnt doiciméad a bhailíonn nó a fhaigheann an Coimisiún agus a chuirtear lena chomhad, d'fhéadfadh sé, tar éis scrúdú níos mionsonraithe a dhéanamh, nach mbaineann siad le hábhar an imscrúdaithe atá i gceist. Má dheimhnítear nach bhfuil i ndoiciméad ach faisnéis (sonraí pearsanta san áireamh), ar léir nach mbaineann sí leis an imscrúdú, tabharfaidh an Coimisiún an doiciméad iomlán ar ais. Tar éis iad a thabhairt ar ais, ní bheidh na doiciméid seo mar chuid den chomhad a thuilleadh[48] agus scriosfar láithreach ón gcomhad iad. Tá feidhm ag an sásra sin freisin maidir le doiciméid ina bhfuil sonraí pearsanta, catagóirí speisialta sonraí pearsanta san áireamh. Agus faisnéis á cur ar fáil agat don Choimisiún nó tar éis cigireacht a bheith déanta ag an gCoimisiún ar d'áitreabh, tá an deis agat doiciméid den sórt sin a shainaithint, trí éilimh indibhidiúlaithe chuí-réasúnaithe a dhéanamh[i].

(42) Agus rochtain ar chomhad á hullmhú ag an gCoimisiún, beidh an deis agat foluithe a iarraidh ar shonraí pearsanta a mheasann tú nach mbaineann leis an imscrúdú, i ndoiciméid a bhfuil baint oibiachtúil acu ar shlí eile le hábhar an imscrúdaithe. Ní mór éilimh ar fholuithe den chineál sin a bheith indibhidiúlaithe agus cuí-réasúnaithe. Má aontaíonn an Coimisiún, déanfaidh sé na sonraí pearsanta atá i gceist a fholú sna leaganacha de dhoiciméid atá sa chomhad a dtabharfar rochtain orthu. Mar thoradh air sin, níor cheart na sonraí pearsanta sin a tharchur chuig na páirtithe ar tugadh rochtain dóibh.

(43) Is léir ón méid thuas nach ndéanfar, de ghnáth, sonraí pearsanta a eisiamh ná a fholú ón gcomhad a tharchuirtear chuig na páirtithe ach amháin i gcás inar léir nach mbaineann siad leis an imscrúdú. Dá bhrí sin, ní dhéanfar, i bprionsabal, sonraí pearsanta amhail ainmneacha, teidil phoist, feidhmeanna, sonraí teagmhála, agus sonraí pearsanta eile a bhaineann leis na gníomhaíochtaí gnó atá faoi imscrúdú, a léirítear sna doiciméid sa chomhad[49], a fholú[50].

(44) Má mheasann tú go bhfuil éileamh bailí agat ar fholú i bhfianaise na treorach sa roinn seo, beidh feidhm *mutatis mutandis*[51] ag an nós imeachta a bhfuil tuairisc air i roinn III. Go háirithe, ba cheart don ghnóthas a sholáthair an doiciméad éilimh indibhidiúlaithe chuí-réasúnaithe a dhéanamh ar fholú, a chuirfidh an Coimisiún san áireamh. Ní féidir

---

45 Breithiúnas an 7 Eanáir 2004 in *Aalborg Portland/An Coimisiún*, C-204/00 P, ECLI:EU:C:2004:6, mír 126.

46 Airteagal 4(1)(c) EUDPR.

47 Is éard atá in sonraí pearsanta ar léir nach mbaineann siad le hábhar sonraí nach mbaineann go hoibiachtúil le hábhar an imscrúdaithe ('sonraí ar léir nach mbaineann siad leis an imscrúdú').

48 Pointe 9 den Fhógra maidir le rochtain ar chomhad.

49 Féadfar sonraí pearsanta daoine aonair a bhaineann leis an réimse príobháideach agus nach bhfuil aon bhaint acu le gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais a fholú bunaithe ar éilimh indibhidiúlaithe chuí-réasúnaithe (féach ID 1112 san Iarscríbhinn).

50 Is féidir cosaint anaithnideachta a éileamh maidir le daoine aonair a bhfuil riosca ar leith ag baint leo, féach Breithiúnas an 7 Samhain 1985 in *Adams v an Coimisiún*, C-145/83, EU:C:1985:448, mír 34.

51 Ba cheart an tábla san Iarscríbhinn a úsáid.

glacadh le héilimh a ardaítear i bhfoirm éileamh ginearálta (i.e. éilimh chatagóireacha nach bhfuil réasúnaíocht indibhidiúlaithe ag gabháil leo i gcás na sonraí pearsanta uile).

V. Measúnú ar thuilleadh rochtana ar iarrataí ar chomhaid, nochtadh faisnéise rúnda agus comparáid le d'éilimh féin ar rúndacht maidir le d'aighneachtaí/do dhoiciméid

(45) Má thugtar rochtain ar an gcomhad duit agus má chuireann tú iarraidh réasúnaithe isteach ar thuilleadh rochtana ar fhaisnéis rúnda arna soláthar ag gnóthais eile, déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an bhfuil an gá le cearta cosanta na bpáirtithe a choimirciú níos tábhachtaí ná an imní atá ann faisnéis rúnda páirtithe eile a chosaint. I gcomhréir le pointí 24 agus 47 den Fhógra um Rochtain ar Chomhad, déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an bhfuil an fhaisnéis sin riachtanach chun sárú líomhnaithe a chruthú ('doiciméad inchoiritheach') nó an bhféadfadh sí a bheith riachtanach chun páirtí a shaoradh ('doiciméad saorthach').

(46) Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar aon iarraidh ar thuilleadh rochtana ar fhaisnéis a mhaíonn páirtithe eile a bheith rúnda, cuirfidh sé san áireamh an bhfuil na hiarrataí sin ag teacht le haon mhaíomh a rinne tú maidir le d'fhaisnéis féin.

(47) I gcás ina bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiún faisnéis a nochtadh, ar faisnéis í a mhaígh tú féin, soláthraí na faisnéise, a bheith rúnda, tabharfar an deis duit leagan neamhrúnda den doiciméad ina bhfuil an fhaisnéis sin a sholáthar, doiciméad a mbeidh an luach fianaiseach céanna aige agus atá ag an mbundoiciméad[52]. Is féidir leis an soláthraí faisnéise a mholadh freisin nós imeachta idirbheartaithe maidir le nochtadh nó nós imeachta maidir le seomra sonraí a úsáid má cheapann sé go gcosnódh an nós imeachta sin an rúndacht ar bhealach níos fearr agus go n-éascódh sé malartú faisnéise rúnda den sórt sin[53].

[52] Pointe 25 den Fhógra maidir le rochtain ar chomhad.

[53] Pointí 95-98 de na Dea-Chleachtais.

Samplaí d'éilimh ar rúndacht: conas cúiseanna agus achoimrí neamhrúnda a sholáthar

Le linn na n-imeachtaí in aghaidh trustaí, iarrtar ar chuideachtaí réasúnaíocht a thabhairt dá n-éilimh uile ar rúndacht, mar aon le hachoimrí neamhrúnda, i bhformáid tábla[54] ina bhfuil na ceannteidil a leagtar amach sa tábla thíos.

Tugtar samplaí sa tábla seo den réasúnaíocht i dtaobh iarraidh ar rúndacht agus achoimrí neamhrúnda. Tabhair do d'aire gur sampla é an tábla seo agus gur tábla neamh-uileghabhálach é.

Uimhir aitheantais (má tá sí ar fáil)/	**Téacs a fholú ar leathanach # den bhunleagan rúnda/mír # (sonraigh Iarscríbhinn # i gcás inarb ábhartha)**	**Cúiseanna leis an bhfolú**	**Achoimre neamhrúnda**
ID 548-34[55]	Leathanaigh 1-3	Tá caibidlíocht praghais leanúnach ag A le B. Dá mbeadh eolas ar a straitéis praghsanna ag B, bhainfeadh sé sin an bonn go mór de sheasaimh chaibidlíochta A i gcaibidlíocht leanúnach agus i gcás conarthaí soláthair amach anseo.	Cruinniú boird an [DÁTA] maidir le straitéis praghsanna i gcás B
ID 548-39	Leathanach 6	Tionscadal féideartha le hiomaitheoir B. Tá an Tionscadal fós inmharthana. Dá mbeadh eolas ann ar shonraí an phlé seo, chuirfí isteach ar dheiseanna gnó A atá ann faoi láthair	Comhfhreagras inmheánach ríomhphoist an [DÁTA] maidir le soláthar in [AINM NA TÍRE/AN LIMISTÉIR GHEOGRAFAIGH]

[54] Níl gá leis an tábla ach amháin mura n-úsáideann do ghnóthas eConfidentiality (ós rud é go nginfidh eConfidentiality liosta na ndoiciméad go huathoibríoch).

[55] Is sampla é seo de thagairt d'uimhir aitheantais bailithe, mar a thugtar air, arb é atá i gceist leis gach doiciméad a fuarthas san aighneacht chéanna a bheith faoi uimhir aitheantais amháin (an uimhir aitheantais 548 anseo) i gcás ina bhfuair gach doiciméad a uimhir aitheantais aonair féin (an uimhir aitheantais 34 anseo).

		agus a bheidh ann amach anseo.	
ID 549-22	Leathanach 18	Faisnéis a fuarthas le déanaí maidir le costais táirgthe, le brabúis nó le faisnéis airgeadais eile atá ábhartha maidir leis an straitéis ghnó reatha agus leis an gcaidreamh tráchtála.	Faisnéis straitéiseach agus tráchtála faoi oibríochtaí chuideachta A, agus faisnéis faoi chostais táirgthe, faoi bhrabúis agus faoi fhaisnéis airgeadais eile san áireamh
ID 549-22	Leathanaigh 54-57	Tá sonraí sa doiciméad faoi straitéis ghnó A agus faisnéis íogair faoi phríomhshonraí tráchtála nach bhfuil ar eolas go poiblí agus dá mbeadh an méid sin ar eolas ag soláthróir B dhéanfaí dochar tromchúiseach do leasanna gnó A agus dhéanfaí a straitéis a nochtadh do B, rud a dhéanfadh difear do sheasamh A sa phlé a dhéanfar amach anseo le B.	Achoimre de chuid na Bainistíochta Inmheánaí – Cairt an [DÁTA] maidir le méideanna, praghsanna, struchtúr conartha agus straitéis ghnó maidir le [TÁIRGE AGUS LIMISTÉAR GEOGRAFACH LENA MBAINEANN]
ID 550	-	Níor éilíodh aon rúndacht.	-
ID 551	Leathanaigh 2, 5 agus 8	Baineann an scriosadh le measúnú inmheánach ar mhiontuairiscí cruinnithe le B. Tá caidreamh gnó leanúnach ag A le B. Má nochtar é sin, tabharfaidh an fhaisnéis léargas do B ar straitéisí	Miontuairiscí na gcruinnithe le B an [DÁTA]

		caibidlíochta agus ar thoimhdí inmheánacha A agus déanfar dochar tromchúiseach do sheasamh A sa phlé a dhéanfar le B amach anseo maidir le soláthar.	
ID 555	Leathanach 5	Plé príobháideach ag fostaí cuideachta *Mínigh na cúiseanna sonracha ar léir nach mbaineann na pléití sin leis an imscrúdú (d'ainneoin go bhfuil an fhaisnéis i gcomhad an Choimisiúin).*	Plé príobháideach
ID 600	Leathanaigh 2, 4, 5 agus 8	Coinní príobháideacha i gclár oibre pearsanta fostaí cuideachta. *Mínigh na cúiseanna sonracha ar léir nach mbaineann na ceapacháin sin leis an imscrúdú (d'ainneoin go bhfuil an fhaisnéis i gcomhad an Choimisiúin).*	Coinní príobháideacha
ID 717	Leathanach 12	Faisnéis maidir le pleanáil straitéiseach inmheánach i ndáil le cainníocht agus costais na n-amhábhar, oibleagáidí conarthacha, próisis	Faisnéis maidir le pleanáil straitéiseach inmheánach

		theicniúla, paitinní etc.	
ID 1204	Leathanach 1	Plé inmheánach ar staid airgeadais na cuideachta (an polasaí maidir le fiachas/sócmhainní agus téarmaí an pholasaí sin, an polasaí maidir le tuarastail, etc.).	Plé inmheánach ar staid airgeadais na cuideachta
ID 1212	Leathanach 18	Faisnéis maidir le táirgí/seirbhísí nach mbaineann leis an imscrúdú reatha.	Faisnéis maidir le [TÁIRGE X; SEIRBHÍSÍ Z] nach mbaineann leis an imscrúdú reatha
ID 1581	Leathanach 14	Faisnéis maidir le caidreamh tráchtála déthaobhach le custaiméir/soláthróir (tuarascáil ón gcruinniú), nár nochtadh d'iomaitheoirí eile.	Faisnéis maidir le caidreamh tráchtála déthaobhach le custaiméir/soláthróir
ID 1112	Leathanach 43	Sonraí pearsanta daoine aonair a bhaineann leis an réimse príobháideach agus nach bhfuil aon bhaint acu le gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais. *Mínigh cén fáth ar léir nach mbaineann sonraí pearsanta den sórt sin leis an imscrúdú.*	'Tagairt do duine aitheantais príobháideach' / 'ainm an ghaoil'
ID 1604	Leathanach 6	Faisnéis lena nochtar catagóirí speisialta sonraí pearsanta de réir bhrí Airteagal 10 EUDPR (e.g. sonraí sláinte) nach bhfuil	Faisnéis lena nochtar catagóirí speisialta sonraí pearsanta ar léir nach mbaineann siad leis an imscrúdú

		ábhartha don imscrúdú. *Mínigh cén fáth ar léir nach mbaineann sonraí pearsanta den sórt sin leis an imscrúdú.*	